Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10593 — DUSSUR / SeAH / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 102/09)

1. An 22 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saudi Arabian Industrial Investments Company ("Dussur", an Araib Shádach), faoi rialú comhpháirteach an Public Investment Fund ("PIF", an Araib Shádach) agus Saudi Arabian Oil Company ("Saudi Aramco", an Araib Shádach),

— SeAH Changwon Integrated Special Steel Corp. ("SeAH", an Chóiré Theas), faoi rialú deiridh SeAH Holdings Corporation (an Chóiré Theas),

— Cuideachta nuachruthaithe ("Sprioc-JV", an Araib Shádach).

Gheobhaidh Dussur agus SeAH rialú comhpháirteach ar an Sprioc-JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta tionsclaíche straitéisí é Dussur,

— Is monaróir táirgí cruach speisialta le haghaidh feidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear mótarfheithiclí, innealra, eitlíocht, fuinneamh, longthógáil agus leictreonaic, é SeAH,

— Is comhfhiontar láithreán úrnua é an Sprioc-JV, comhfhiontar a chuirtear ar bun chun píopaí agus feadáin dhosmálta gan uaim a mhonarú agus a dhíol sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10593 — DUSSUR / SeAH / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË